An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0009/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe sealadacha ar an Scéim Briseadh Gairme le haghaidh Múinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta - Scoilbhliain 2024/25

## 1. Réamhrá

1.1 Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, cuireadh srianta áirithe a bhain leis an Scéim Briseadh Gairme ar fionraí le cúpla scoilbhliain anuas. Cuirtear in iúl sa Nóta Faisnéise seo go bhfuil an srianta seo ar fionraí don scoilbhliain 2024/25 freisin, le héifeacht ó dháta an Nóta Faisnéise seo.

1.2 Is féidir múinteoir atá ar Shos Gairme a fhostú anois, mar ionadaí amháin, gan na srianta atá leagtha síos sa Scéim Sos Gairme mar atá i gCaibidil 7 (Alt 8.1) de Chiorclán 54/2019. Féadfar uaireanta páirtaimseartha a bheith san áireamh le fostú múinteora ar Shos Gairme chun obair ionadaíochta a dhéanamh.

## 2. Socruithe Pá

2.1 Íocfar múinteoir atá ag baint leasa as Sos Gairme agus atá fostaithe mar ionadaí ag an ráta céanna le gnáth ionadaí.

## 3. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

3.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na múinteoirí go léir atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta, ar a bhfuil ann.

3.2 Tagann an Nóta Faisnéise seo in ionad Nóta Faisnéise TC/IN 0007/2023.

3.3 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Múinteoirí/CRS - Téarmaí agus Coinníollacha**

**19 Lúnasa 2024**